

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadadh	T15
Ainm an Agalláí	Padaí Ghracie Mac Pháidín
Ainm an Agallóra	Dónall Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	13/2/2006 agus 21/2/2006
Suíomh an Agallaimh	Mín Doire Dhamh
Ainm an Tras-scríbhneora	Anna Ní Pheanróis

(gáire)

(sos)

(--)

Tús bréige

' _____ '

Focal dothuigthe

' _____ + '

Níos mó ná focal amháin dothuigthe

....

Beirt ag caint ag an am amháin

[]

Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir

DÓNALL: Mar a dúirt mé, ba mhaith liom an míniú ar Mhín Doire Dhámh. Agus tá cuid do simplí go leor ach an chuid dheireanach do ba mhaith liom míniú s'agat féin air, agus cé mhéid cónaí a bhí ann ag éirí aníos duit, a Phadaí.

PADAÍ GHRACIE: Á bhuel, an dóigh a mhothaigh mise an Dámh, bhuel tá a fhios ag achan duine an Mín, sin líne glas faoi theach, doire sin crainn, crann, agus an dámh, rud inteacht a bhí ann, ainmhí cosúil le ox a bhí ann.

DÓNALL: Tá go breá a Phadaí. Bhuel, tá rud eile ansin, ba mhaith liom cé mhéid cónaí a bhí ann agus inis domh cé a bhí iontu, a Phadaí. Bhí thart fá cúigear nó níos mó de thithe ann. Tá athrach mór ó shin air a Phadaí.

PADAÍ GHRACIE: Aye, bhuel tosóidh muid ar an taobh thoir. Taobh thoir den bhaile, teach Chónall Beag a bhí ansin. But bhí trí chorrrector ag stopadh sa darna doras daofa, raibh Miley Dhonnachaidh Óig, Anna Dhonnachaidh Óig agus Owen Dhonnachaidh Óig orthu. Ansin bhí teach Airt ann, teach Húidí Airt agus ansin bhí teach Mhicí John Chonchúir ann, Maggie John, Mary, bhfuil a fhios agat, bhí sí beo mall, go ndéanfaidh Dia mhaith uirthi. Teach s'againn féin agus teach, teach Eoin Nuala a bhéarfadh siad air. Boic a bhí ansin, muintir a raibh Nuala orthu but ansin bhí PADAÍFriel istigh acu agus a bhean

agus tá cineál de chuimhne agam ar teach Sheamúis Bhriany thíos. Bhí bean ann but ní bheinnse mórán le ceithre bliana, cúig, ceithre bliana, bhí cuimhne agam ar bean a raibh Máire Eoin Nuala uirthi.

DÓNALL: Caidé ba scéal a Phadaí anois, bhfuil a fhios agat, tá seo ina shuí thuas ar thaobh chnoic, caidé an scéal atá agat, caidé an dóigh ar thosaigh daoine ag cónaí abhus anseo ar dtús, a Phadaí.

PADAÍ GHRACIE: Bhuel, níl a fhios agam caidé mar a tháinig siad but, bhí teach againne faoin bhealach mhór an chéad uair. Sean teach thíos an áit a bhfuil an teach úr sin tógtha anois agus an dóigh ar mhothaigh mise é, bhí iomaire ag teacht orthu, bhí blow downs, séideadh anuas acu in sna simléirí, bhí rud ann a raibh iomairí orthu, so tháinig siad siadsan aníos agus bhí gráin de na tithe eile soir an bealach faoin bhealach mhór fosta. Cúpla ceann.

DÓNALL: Chím. Anois a Phadaí, tá scéal eile a ba mhaith liom a fháil amach uait. Tá a fhios agam go raibh mé féin agus tú féin muintreach but tá tú ábalta a dhul ar ais cúpla glúin ar thaobh do mháthar ar scor ar bith.

PADAÍ GHRACIE: Tá, Gracie Sheamúis PADAÍBhaoghaill a bhí ar mo mháthair i gcónaí agus m'athair anois, as an Loinnigh eisean but tháinig m'athair mór amach as Inis Oirthear, Niall Thaidhg Phadaí Nancy. So bhí seisean, á, bhí seisean ar shiúl ar na báid, chaith seisean a shaol ar shiúl. Bhí sé thart ar an domhain uilig ag seoltóireacht. Ansin, bhí sé in, bhí sé i Meiriceá ag deireadh na caogadaí agus chuaigh m'athair anonn, go ndéanfaidh Dia mhaith air nuair a bhí sé seacht mbliana déag so tháinig seisean ar an tsaol i 1910 so ní raibh sé i bhfad thall uilig do dtí gur tharla sin i Meiriceá, chollapsal Wall Street so tháinig siad anall ansin agus cheannaigh siad, bhuel ní cheannaigh siad é, creidim bhí siad more or less amach ón Association a bhí sé, bád a raibh An Pride of Mulroy air. Bhí siad ag iascaireacht amach as an Bhunbheag but á ní raibh mórán a dhéanadh an t-am sin agus ó bhád, creidim, ní miste caidé mar a rachadh, bhí sé le bheith díolta suas. So, d'imigh m'athair go hAlbain. I ndiaidh a theacht as Meiriceá, rinne sé cúpla bliain ag iascaireacht agus d'imigh sé go hAlbain.

DÓNALL: Bhí sé ina fhear óg nuair a d'ímigh sé a Phadaí?

PADAÍ GHRACIE: Seacht mbliana déag nuair a d'ímigh sé go Meiriceá. Bhuel déarfadh muid ansin go raibh sé amuigh ansin trí nó ceithre bliana agus d'fhan sé anseo, á creidim gur imigh sé go hAlbain nuair a bhí sé 25.

DÓNALL: Agus cén cineál oibre ar thosaigh sé ag gabháil do a Phadaí in Albain?

PADAÍ GHRACIE: Bhuel, creidim dálda go leor, go ndeachaigh sé chuig na farmers an chéad uair so chonaic sé nach raibh a dhath ansin agus chuaigh sé isteach in public works. So, bhí sé blianta le firm, bhuel, tá a fhios agam fá am an chogaidh cibé, bhí sé acu ó bhí 1939 ann go dtí 1953, firm a raibh Am Carmichael air, siad a rinne léir mór de na damanna suas tuaisceart na hAlbana agus na tolláin. So, am an chogaidh an t-am sin, bhí, bhí na boic óga ag fáil scairtithe suas but bhí siad ag déanamh jeab in áit a raibh Old Kilpatrick air, tancanna ola a bhí ann so shábháil sin eisean, creidim go raibh sé faoi admiralty, faoi MOD.

DÓNALL: Tá a fhios agam ach creidim mar a dúirt tú, gur scairteadh go leor de na hÉireannaigh a bhí thall ansin, scairteadh isteach in san chogadh iad, in arm na Sasana?

PADAÍ GHRACIE: Ó bhuel, ní raibh mórán, ní raibh acu ach dhá seans, either a ghabháil san army ná sa Navy so ní raibh a dhath eile fá na gcoinne but ach bhí léir a thug, léir POeds fosta, a tháinig anall.

DÓNALL: A, tuigim. Bhuel a Phadaí, an dóigh a bhfuil tú ag caint ansin, bhí do mháthair ansin, Gracie Phadaí Sheamúis bhí sí fágtha anseo sa bhaile agus bhí sí ag obair blianta in sa Chúirt a dúirt tú. Ba mhaith liom do chuid seanchais ar an Chúirt a Phadaí agus an phá agus an t-am chrua agus an obair a bhí le déanamh aici.

PADAÍ GHRACIE: Ó, bhí siad ag obair seacht lá na seachtaine. Bhí siad ag obair go dtí an haon déag a' chloig san oíche. Ná mhothaigh mise, bhí sí féin agus Sissy William,

máthair John Mhic Giolla Easpaig, tráthnóna amháin, an bheirt acu ag caint anseo air, leathphingin sa tseachtain a bhí acu ar son a gcuid oibre ag Hunt. But bhí fear inteacht ann roimhe Hunt a raibh Sandy air but níl a fhios agamsa cén, cén darna hainm a bhí air, Sandy but bhí rudaí ag gabháil níos fearr an t-am sin. Ná bhí siad amharctha ina ndiaidh go maith ag Sandy, níl mé ag rá go raibh rudaí go maith faoi Hunt. But thart fá 1950 a d'ímigh Hunt as an Chúirt.

DÓNALL: An bhfuil cuimhne agatsa ar Hunt tú féin a Phadaí ?

PADAÍ GHRACIE: Ó cuimhne mhaith agam air, cuimhne mhaith ná bheinnse thart fá deich mbliana nuair a d'ímigh sé. Ba ghnách linn a bheith, bheith, bhfuil a fhios agat, ag iascaireacht but ah, creidim leoga fá sean "____+", 's bheadh muid ag iascaireacht thuas fá Dhroichead an Adhmaid you know, 's thiocthadh sé orainn, ó chuireadh siad ar shiúl, ó chuireadh sé ar shiúl muid. Dá mbeadh muid ag iascaireacht san áit a raibh muid, ní bhfaigheadh muid, ní bhfaighfeá breac ó shin ann, you know. Ná bhí an sruth ag gabháil ró ghasta ann agus san am but á bhí sé iontach géar, fear iontach géar a bhí ann.

DÓNALL: An bhfuil cuimhne agat istigh sa Chúirt féin a Phadaí, i do ghasúr óg le do mháthair?

PADAÍ GHRACIE: Ó, cuimhne istigh, tá cuimhne agam even bhí an deireadh, cuid deireannach den bhar a bhí ann, bhí sé reachtáilte anuas but bhí corr rud ann. Tá cuimhne agam dá mbeadh duine ar bith tinn bhí rud ann a raibh soda water air. Buidéil an t-am sin, bhíodh siad sealailte, bhruífeá an handle a bhí orthu agus nuair a bhíodh daoine tinn, ba ghnách le Dochtúir Carr i gcónaí, bhí, ag iarraidh orthu sin a ól.

DÓNALL: Ach bhfeiceann tú, bhí tú ag caint ar an iascaireacht, a Phadaí, bhí, bhí an abhainn, bhí an abhainn agus na lochanna speisialta maith ar an iascaireacht san am sin nuair a bhí tú tusa i do ghasúr óg ach creidim uair amháin a chur siad an dam air gur chuir sin deireadh leis, ar chur?

PADAÍ GHRACIE: Ó, chuir sin deireadh leis. Tá cuimhne agam na lads óga, gheobhas muid bric, bhíodh siad uilig, an breac is lú a gheobhfá thart fá ocht n-unsá, thiocthadh leat

rudaí suas go dtí punt, thar phunt a fháil, you know, 's bhí neart bradáin ann but 1959, chuir sin deireadh leis, an t-am a thosaigh an Chládaigh, chuir siad an t-uisce siar 's sin deireadh leis.

DÓNALL: Inis domh anois, bhí muid ag caint roimhe ar, ar d'athair, tháinig sé ar ais as Albain, caithfidh sé agus thosaigh sé ag obair ar an, ar an Dam nuair a bhí siad a chur siar, dúirt tú gur siar a fhad le Dobhar a cuireadh ar dtús é. Inis domh faoi sin, a Phadaí.

PADAÍ GHRACIE: Bhuel, thosaigh an jeab an chéad uair i mí na Bealtaine '54, agus, 19, bhuel bhí sin 54 a thosaigh sé but tháinig m'athair 'na bhaile ná an fear seo a tháinig raibh John Mór Mac Suibhne, bhí sé ina bhfuil a fhios agat, ina foreman, ag amharc i ndiaidh an rud 's chuir sé scéala fá choinne m'athair agus tháinig m'athair 'na bhaile thart fá September 1955. So bhí sé ina section foreman ar an, ón weir siar go Dobhar.

DÓNALL: Jeab mór a bhí ansin a Phadaí, bhí léir fir ag obair ann, déarfainn.

PADAÍ GHRACIE: Ó déarfainnse go raibh thart fá, creidim, cnap lorries acu ansin ar maidin, agus buses agus b'fhéidir bhí carranna leofa, óh déarfainnse nuair a bhí, go raibh suas le 300 ag obair san am ann.

DÓNALL: Déarfainn sin, 's ní raibh an machinery ach oiread, a Phadaí.

PADAÍ GHRACIE: Ní raibh, ní raibh an machinery ann. Sin an rud a shábháil na, ní bheadh fir ann dá mbeadh an machinery atá acu an lá atá inniu ann, a dhath cosúil leis.

DÓNALL: Bhuel inis seo domh, chuaigh tú féin go scoil Dhobhair agus bhí tú ann creidim go mbeifeá ceithre bliana déag, an raibh a Phadaí?

PADAÍ GHRACIE: Bhí.

DÓNALL: Caidé mar a bhí an scoil agaibh?

PADAÍ GHRACIE: Bhuel chuaigh mise 'na scoile i 1946 nuair a bhí mé sé bliana, bheadh achan duine sé bliana an t-am sin nuair a rachadh siad 'na scoile agus d'fhanfá ann ocht mbliana, so bhí mé ann go dtí 1954. Aodh Ó Dúgáin a bhí againn agus Máire, a bhean chéile, although gur ó síos an bealach mór anseo uaim féin í, Mary an Ghabha a bhéarfadh siad uirthi, Owen Eoin Ruaidh, deirfiúr Sissy a raibh oifig an phoist thíos anseo aici.

DÓNALL: Sea.

PADAÍ GHRACIE: So, dhá mhúinteoir mhaithe a bhí iontu, ná go speisialta é féin. Ba ghnách leis a bheith bhfuil a fhios agat ag iarraidh, foghlaim, creidim nach raibh mórán suim againn ann san am. Déarfadh sé i gcónaí, nach bígí ag gabháil thart thall fá Albain agus béarla briste agaibh, ag gabháil anonn daoibh, ag rá "where did you got it and where did you went". Déarfadh sé bíodh soiléir na cainte agaibh a pháistí. (gáire)

DÓNALL: (Gáire) Bhuel creidim go raibh sé ag cur comhairle mhaith oraibh.

PADAÍ GHRACIE: Ó, aye. Bhí sé ag cur comhairle ceart orainn agus phioc muid suas an béarla go maith, you know, ná, bhí mé féin, bhí daoine as Doire anseo i gcónaí. Chaith mise sé bliana go raibh siad ar laetha saoire ná rachadh siad ar scoltacha amuigh, isteach in san Ghaoth Dobhair Bar, so, creidim bhí béarla briste an chéad uair, ansin phioc mé suas go measartha, bhí mé measartha maith ná, so.

DÓNALL: Chím, ach a Phadaí, inis seo domh anois, d'fhág tú an scoil agus ar thosaigh tú féin ansin, ar thosaigh tú féin ag obair go luath ná ar fhág tú an baile go luath?

PADAÍ GHRACIE: Bhuel, d'fhág mise an scoil in 1954 agus bhí mé thart tamall. D'oscail an Tech in Sráth na Corca ansin, thart fá, thart fá Fómhair '54 déarfainn,(sos) aye, Fómhair '54 ná thart fá b'fhéidir 5, bhí mise thart fán bhaile tamall 's chuaigh mé síos 'na Tech but tá cuimhne agam, Nollaig 1955, chríochnaigh mé ann. Nollaig 1955 tháinig mé 'na bhaile ansin, fuair m'athair jeab thíos ar an Chládaigh domh, chuaigh mé ag obair ansin ar an 4 Eanáir, January 1956.

DÓNALL: Agus an b'é sin ar an jeab ag gabháil anonn go dtí an, go barr Dhobhair.

PADAÍ GHRACIE: Á bhuel, mé mise ag obair ina carpenter, bhí muid thart achan áit, bhí muid i nDún Lúiche, bhí muid in Ard na Droicheada, bhí muid thíos sa Phower Station, thíos ag an "____", bhí muid thart achan áit.

DÓNALL: So, scaifte fir ag obair a Phadaí.

PADAÍ GHRACIE: Ó, bhí léir carpentéir ann agus steelfixers agus san am sin, aye.

DÓNALL: Cé a bhí i gceannas ort?

PADAÍ GHRACIE: Fear a raibh Tadhg Mac Fhionnghaile air, Tadhg Éamonn Thaidhg.

DÓNALL: Ó sea. (sos) Sin do chéad, an raibh pá mheasatha ann, a Phadaí?

PADAÍ GHRACIE: Chaithfeá 48, chaithfeá a ghabháil isteach De Satharn agus obair go dtí an 12 le 48 uair a dhéanamh suas. Tá cuimhne agam an chéad phá a fuair mé, leath phá, bhí gráin againne, siocair go raibh muid faoin aois, dhá phunt agus trí scilling dhéag.

DÓNALL: Jesus, bhí sé íseal go leor, nach raibh? But, creidim ag an am go raibh.

PADAÍ GHRACIE: Ó, san am dhéanfá léir le sin, you know. But creidim go gcaithfeá, sa bhaile chaithfeá rud a thabhairt isteach fosta.

DÓNALL: Sin é.

PADAÍ GHRACIE: Chaithfeá cúpla punt nó níos mó a thabhairt sa bhaile daofa so.

DÓNALL: Ach nuair a thosaigh seo, a Phadaí, thug sé isteach léir daoine, léir coimhthígh isteach go Gaoth Dobhair fosta, ag obair faoin E.S.B.

PADAÍ GHRACIE: Ó, bhí léir coimhthígh ann, bhí engineers ann 's bhí gangers a tháinig isteach 's daoine le na inneallacha a thiomáint. An t-am sin, ní raibh ach cúpla duine thart anseo a bhí ábalta na machines a thiomáint, fear a raibh Dinny Friel air, bhí sé thall údaí so bhí seisean agus c'ainm seo atá air, Tony Ferry, boc as thoir an Bhealtaine. Bhí siad sin uilig in Albain agus Sasana agus bhí siad ábalta na machines but tháinig léir isteach agus bhí léir, thug an contractor é féin léir fir isteach. Bhí gráin acu abhus ag tiomáin lorries agus thug sé anuas cúpla fear acu, bhí siad ag tiomáint lorries, d'fhoghlaim sé, fuair siad ar na dozers a thiomáint.

DÓNALL: So an raibh tusa anois, raibh sibh ag cur suas shutters agus rudaí mar sin, a Phadaí ná?

PADAÍ GHRACIE: Suas shutters ar na droicheadacha agus ar na damanna. Fence stock thiar agus thart ansin.

DÓNALL: Ar chaith tú cúpla bliain ag gabháil de sin?

PADAÍ GHRACIE: Ach a bhuel, mhothaigh muid, d'imigh, 19, eh, sin, 56, thart fá 19, luath 57, ba ghnách leo, bhí muid, phleanáil muid amach imeacht i gan fhios, mé féin agus (gáire)

DÓNALL: (gáire)

PADAÍ GHRACIE: Stócach raibh, bhfuil, Brian Bhilly a bhí air, Brian Ó Baoghaill.

DÓNALL: Sea.

PADAÍ GHRACIE: So bhí an bheirt againn an aois chéanna, níl ann ach, go ndéanfaidh Dia mhaith air, níl ann ach sé seachtaine, so bhí muid i gcónaí ag imeacht i gan fhios ansin bhuaíl muid suas leis an, fear eile, Dónal De Barra, tá sé, mé féin agus Dónal, agus fear a raibh Séan Mac Aoidh as Gabhla air, John Ghabhla a bhéarfadh siad air, so ní, tá, níl mé rá gur imigh, d'imigh, ní imigh, ní imigh John i gan fhios but d'imigh mise agus Brian 's Dónal

i gan fhios. Agus, fuair muid, chuaigh muid, d'athraigh muid, bhí achan duine ag obair thíos sa, so d'athraigh muid thíos sa gharage agus léim muid ar an bhus. Chuaigh muid amach go Doire, fuair muid, chuaigh muid i bhfolach ná bhí aithne ormsa amuigh in sa Gweedore Bar, an dóigh a raibh cousin de mo mháthair. So, chuaigh mé, chuaigh muid ar an bhád. Christa, chuaigh Tommy Bryce isteach agus bhí an fear seo leis a raibh frock gabardine air, agus d'inis siad domsa go gcaithfinn, ní raibh siad a déanamh droch rud, dúirt siad gur detective a bhí ann. So, chreid mise sin, you know agus tháinig mé off but chuaigh Brian anonn agus bhí sé thall seachtain ná mar sin agus cuireadh anall, tá cuimhne agam gur chur siad anall Brian agus bicycle úr anall leis. But d'fhan Dónal thall.

DÓNALL: An raibh sibh iontach óg, a Phadaí?

PADAÍ GHRACIE: Ó, ní raibh muid seacht mbliana déag ar chor ar bith.

DÓNALL: Chaithfeá, chaithfeá a bheith an ocht mbliana déag ar scor ar bith.

PADAÍ GHRACIE: Chaithfeá a bheith an ocht mbliana déag.

DÓNALL: Aye.

PADAÍ GHRACIE: But ansin, ah, d'fhan muid, ach mí Feabhra 1958, bhí, d'imigh mise i gan fhios arís. Ní raibh aon duine liom ach mé féin.

DÓNALL: But bhí tú an aois an t-am seo, a Phadaí?

PADAÍ GHRACIE: Ní raibh. Bhí mé trí mhí gann ag na hocht mbliana déag so rinne mé cinnte an t-am sin nach mbéarfadh aon duine orm. Bhí a fhios agam mo bhealach thart go maith, fuair mé an traen ó Dhoire suas go Béal Feirste agus chuaigh mé ar an bhád anonn as Béal Feirste go Glascú. But bhí a fhios acu go raibh mé ar shiúl but ní raibh siad ábalta beireadh orm ná. Tá mé ag déanamh gur Neilly Duffy, go ndéanfaidh Dia mhaith air, but bhí sé mall nuair a d'inis sé do, d'inis sé do m'athair, bhí sé ag tiomáint dumper,

go bhfaca sé mise ag teacht amach thuas ag an Chúirt ag Tobar na mBeithíoch agus suitcase liom.

DÓNALL: (Gáire)

PADAÍ GHRACIE: So, bhí mise ar mire an t-am sin ar an bhus creidim, 's bhí mé ar shiúl anonn go dtí an stáisiún so ní raibh.

DÓNALL: Caidé, caidé a chur in do cheann a Phadaí, tá a fhios agam go raibh a léir daoine ag imeacht go hAlbain ag an am ach caithfidh sé go raibh tú míshásta san obair a raibh tú ag gabháil do?

PADAÍ GHRACIE: Á, ní, no, ní raibh, bhí léir rudaí, but bhí eagla mhaith orm é a rá thar an raidió ná anseo.

DÓNALL: Bhí tú cineál míshocair.

PADAÍ GHRACIE: Míshocair go díreach agus ansin chíféá léir mór ag teacht anall nuair a thiocfadh na laethanta saoire sa tsamhradh agus cnap airgid acu agus éadach, bhfuil a fhios agat, an t-éadach cúng sin, bhí teddy boy suits orthu agus bhí muid ag déanamh go raibh muid ag cailleadh, you know.

DÓNALL: Sin an rud,

PADAÍ GHRACIE: Bhí muid ag déanamh ná nach raibh againn ach a ghabháil anonn agus an t-airgead a thógáil de na sráideanna but ah, ní obair sé amach an dóigh sin.

DÓNALL: Inis domh ansin, nuair, chuaigh tú ar bhád, no, no, chuaigh tú go Béal Feirste, inis domh an raibh an bád measartha garbh, a Phadaí?

PADAÍ GHRACIE: Ní raibh, ní raibh but an rud a chur mé suim ann, ar an traen suas, bhí bean a raibh tartan, seál tartan uirthi agus í ag ól buidéal guinness agus í ag caitheamh

píopa agus cha raibh mise ábalta mo shúile a ligint di go raibh muid thuas i mBéal Feirste, ag coimhhead uirthi.

DÓNALL: Ní fhaca tusa bean ag caitheamh píopa ariamh ná.

PADAÍ GHRACIE: Píopa créafóige agus ag ól buidéal guinness.

DÓNALL: Jesus, ní raibh sin coitianta anseo ag an am ar chor ar bith.

PADAÍ GHRACIE: Ní raibh.

DÓNALL: Ní raibh mná ag ól mar sin.

PADAÍ GHRACIE: Not at all. Bhí cuma bhfuil a fhios agat, bhí mé ag amharc ar an seál a bhí uirthi, rudaí dubha a bhí ar na mná thart anseo but ceann tartan a bhí uirthi. So landal mé i mBéal Feirste ansin 's fuair muid ticéad anonn 's bhí mé amuigh ar deck, you know, is ní raibh nduine, ní raibh aithne agam ar aon duine but bhuail mé suas leis an chroían seo as Bunrana, an chéad uair in, in, thall aige fosta. Croían a raibh George Tedstone air. So, ní raibh áit ar bith aigesan le ghabháil i nGlascú but bhí mise ag gabháil ag cousin mo mháthair so thug mé liom eisean. But shíl mé Tedstone, bhfuil a fhios agat, b'fhéidir gur Albanach a bhí ann but ní hé. Caitliceach a bhí ann, you know, but fuair sé ar aghaidh go maith ina dhiaidh sin. B'fhéidir gur mhothaigh tú féin Tedstone Electronics thíos i mBunrana. Thosaigh sé, chuaigh sé síos go Coventry ag obair in factory, monarcha ina raibh siad ag déanamh na one arm bandits ann agus tháinig sé anall agus thosaigh sé ar sin. So fuair sé bás ina mhillionaire.

DÓNALL: Rinne sé sin go maith do féin.

PADAÍ GHRACIE: Aye, rinne sé agus bhí, chor a bheith, bhí muid, landal muid thall ansin 's chéad lá chuaigh muid amach an Aifrinn ar an dó dhéag an chloig, bhí, bhí sé iontach fuar 's bhí flichneadh sneachta beag ann. Amach ar do ghlúine ag cuardach obair, bhí thart fá 3 nó 4 orlaigh sneachta agus déarfadh achan duine taraigí arís nuair a imeoidh

an sneachta agus bhí muid ag gabháil thart coicís agus bhí an sneachta ag éirí ní ba mheasa so d'ímigh seisean go Coventry, sin an áit a d'fhoghlaim sé an ceird sin. D'ímigh mise suas go áit a raibh Peebles air, bhí aunt de m'athair ansin, so mac di, chuaigh mé amach ag glanadh draenta leis, é féin agus John Sweeney agus Jimmí Sweeney as Mín na '_____', bhí John pósta ar Siún Chassie in Rann na Feirste so bhí muid ag glanadh draenta. Tháinig mé anuas go Glascú ansin. Chuaigh mé ag obair i n Glascú ar Housing Scheme agus tháinig mé anall in July ansin. But cha dhúirt m'athair a dhath ar bith ar chorr ar bith, bhí an Chládaigh ag gabháil 's maidin amháin, go díreach, níor inis mo mháthair a dhath domhsa, see b'fhéidir go raibh mise ar shiúl creidim, darna rud a mhothaigh mé eisean ag gabháil amach ar an doras agus an suitcase leis.

DÓNALL: Rinne seisean do chleas féin (gáire)

PADAÍ GHRACIE: Rinne seisean mo chleas-sa so chaithfeadh duine againn fanacht 's d'fhan mise ansin. Chaithfinn fanacht ná an t-am sin bhí achan duine ag cur isteach bairr 's baint móna. So.

DÓNALL: Cúpla ceann eallaigh fosta.

PADAÍ GHRACIE: Ó, bhí cúpla ceann eallaigh agus ansin chaithí barr, gráin, fá choinne an tsean mhuintir a choinneáil, an tseanbhean a choinneáil sásta. So, ansin chuaigh mé siar na Chlochán Liath fá choinne a ghabháil ar an dole. So, chuaigh mé siar agus líon mé isteach na páipéir uilig. So, bhí croían, John Delop, go ndéanfaidh Dia mhaith air, ina solicitor thiar. Chuaigh mé siar ar an bhus, bhí a fhios agam go raibh John ag teacht aniar ar an cúig. So, isteach san oifig agus aniar le John but bhí John ag stopadh thiar an bóthar anseo, i dtigh Kitty Bhillly uaim san am, bhí muid ag corradh aníos, jeez chonaic muid an vean seo agus lorraí bheag agus bhí cuma air go raibh siad ag baint do, bhfuil a fhios agat, hut beag but ní raibh a fhios againn caidé a bhí ag tarlú but mhothaigh muid cineál iomraí go raibh tithe ag gabháil suas, go raibh tithe gabháil a bheith tógtha do lucht an ESB a bhí ansin. So, chuaigh mé suas agus chuir mé ceist air, caithfidh sé Dé Máirt, dúirt sé go obair Dé Luain a dúirt sé liom.

DÓNALL: Fuair tú jeab díreach mar sin.

PADAÍ GHRACIE: Fuair mé jeab mar sin aige. So, bhí mé ansin bliain.

DÓNALL: Thóg siad ceithre ná cúigear thithe ag an am.

PADAÍ GHRACIE: Thóg siad ceann abhus agus ceathrar thuas i Mín na Cuinge agus thóg siad stór thuas.

DÓNALL: Sea.

PADAÍ GHRACIE: But tógadh teach eile ag an ramper but ní Sheridan a rinne sin, boc a raibh Cunningham air, thóg an teach thiar.

DÓNALL: Sea.

PADAÍ GHRACIE: Bhí mé ansin bliain. So, d'ímigh mé anonn arís go hAlbain. Bhuel, d'fhan mé go raibh an fómhar bainte agus achan rud déanta. So, bhí m'athair ag obair thíos in Sasana, in Durham, but creidim uair amháin agus a mhothaigh sé, ní rachainnse síos so tháinig seisean aníos. So chuaigh sé ag gangeral ag crowd ansin agus chuaigh mise amach aige.

DÓNALL: Cén pháirt de a raibh sibh ann?

PADAÍ GHRACIE: Cáit, cén pháirt d'Albain?

DÓNALL: Sea.

PADAÍ GHRACIE: Bhuel, chuaigh mé ag obair an chéad uair, bhí mé ag obair amuigh in Cumbernauld, amuigh ag crowd a raibh Holland, Hand Mc Cubid orthu. Ní raibh an baile mór Chumbernauld ach ag tosach san am sin. But ansin nuair a tháinig seisean chuaigh mé amach leis go dtí sub stáisiún a bhog siad ar an taobh amuigh de Ghlasú, níos

cóngaraí de Chlydebank, áit a raibh Windyhill air, bhí muintir Ghaoth Dobhair ann. Idir muintir Ghaoth Dobhair ní raibh ach thart fá ochtó acu amuigh.

DÓNALL: Déarfainn sin.

PADAÍ GHRACIE: So, bhí mé amuigh ansin.

DÓNALL: C'fhad a mhair an obair sin, a Phadaí?

PADAÍ GHRACIE: Ó, bhí an obair sin ag gabháil tamall maith but bhí mise ar shiúl, d'ímigh mé síos go Wales. Chuig an firm chéanna. A bhí ansin.

DÓNALL: Caidé ar shíl tú do, do Wales?

PADAÍ GHRACIE: Ó, bhí dúil bhreá agam in Wales. Thíos in baile, áit a raibh Aberystwyth air. Ó, fuair muid ar aghaidh go maith leis na Welsh, bhí am mór acu fá choinne na hÉireannaigh but ní raibh am ar bith acu fá choinne na Sasanaigh, rud beag fá choinne an Scotch but Sasanaigh, ní raibh am acu fá na gcoinne.

DÓNALL: An b'é an cineál ceánna oibre a bhí ann a Phadaí, tógáil agus rud mar sin?

PADAÍ GHRACIE: Ó, thíos ansin, tolláin agus damanna a bhí ann.

DÓNALL: Ó, sé.

PADAÍ GHRACIE: Stopadh in campa a bhí muid.

DÓNALL: Bheadh siad sin garbh a Phadaí, cuid acu?

PADAÍ GHRACIE: Ó, bhí an bia garbh, ó bhí an bia garbh sna campanna sin uilig. So, bhí muid ansin, tháinig muid ansin aníos go Blaenau Ffestiniog. Sin an tuaisceart na Breataine Bige. But bhí mar a deir an béarla, bhí an cream de sin san am sin fosta. So,

bhí achan duine ag headal bhfuil a fhios agat, ag imeacht, achan, na long distance men sin uilig. Iad ag caint ar Rawhaw, cha raibh a fhios againn cáit a raibh Rawhaw.

DÓNALL: (Gáire)

PADAÍ GHRACIE: So, tháinig mé aníos go Glascú (sos) agus cheannaigh mé carr (sos) but ansin níor fhan mé go, bhfuil a fhios agat, ní mhaith liom carr a thabhairt agus muid i Rawhaw, chuaigh mé suas ar an bhus (sos) mé féin agus, oíche Dhomhnaigh, casadh Jimmí Theresa orm, bhí seisean i ndiaidh a ghabháil anonn, Seamús Ó Fearraigh, tá sé pósta ar `_____`, as an Faoi Chnoc é agus Jack Sweeney as Bun an Leaca, chuaigh muid suas. Agus landal muid thuas, bhí an obair agamsa ag Wimpy but Dan Doherty seo, go ndéanfaidh Dia mhaith air, athair Pat Doherty, an Sinn Féin MP.....

DÓNALL: Sea.

PADAÍ GHRACIE:Ní raibh Dan thuas so, ní raibh muid ábalta fáil isteach na champa ach oiread, so b'éigean dúinn luí amuigh. Dá mbeirtí istigh sa champa an t-am sin gan tú istigh, £10 cáin nó 30 lá sa phríosún.

DÓNALL: Bhí sin garbh go maith, nach raibh?

PADAÍ GHRACIE: Ó bhí but bhí muid ina éadan san am but bhí siad ceart nuair a smaoiníonn tú air ná bhí daoine ag gabháil thart agus na lockers a bhí againne, ní raibh glas ar bith orthu but ní bheadh cultacha millteanach maith linn suas cibé 's b'fhéidir dá dtiocfá isteach go mbeadh sin goidte. So, ní bhfuair muid an obair ar chorr ar bith ag Wimpy agus chuaigh muid suas fhad leis an.. Bhuel, d'ímigh siadsan, caithfidh sé go bhfuair siadsan lot. Chuaigh mé féin isteach sa `_____` Hotel. Hotel a raibh an `_____` air agus bhí gráin deochanna agam, suitcase liom agus tháinig mé amach agus dúirt mé liom féin, cibé an chéad áit a bhfuil an lift ag gabháil, rachaidh mé air. So, chonaic mé an lorráí seo, lód tar uirthi, Wimpy scríofa uirthi agus steam an tar ag teacht amach as. Flaggal mé anuas é. So, chuir mé ceist air c'áit a raibh sé ag gabháil, dúirt sé 'I'm going up to the Nan Camp', bhuel dúirt mise

'That suits mé to a T'. So, dúirt sé

'Where do you come from?',

'Ah' a dúirt mise, 'Ireland'.

'Oh' dúirt sé, 'I know Ireland' a dúirt sé 'but where about'?

'Donegal'.

'And where about in Donegal'?

Dúirt mise 'Gaoth Dobhair'.

'Ó' a dúirt sé, 'beidh neart Gaeilge agatsa'. Dúirt sé 'cé leis tú, an bé le Tim Hiúdaí ná le Joe Néill Thaidhg tú'?

Dúirt mise 'Le Joe Néill Thaidhg', bhí mise sho..... é ag caint Gaeilge. Jimmí Delop.

DÓNALL: Deartháir de John?

PADAÍ GHRACIE: No, Jimmí Delop, Kitty Archie, na Delops thíos i Machaire Gathláin.

DÓNALL: Ó, chím anois. But ní raibh a fhios agat sa eisean?

PADAÍ GHRACIE: Ó, ní raibh but bhí sé ag tiomáint ag an Swilly, seo, sin an tuige a raibh aithne aige ar m'athair 's Tim. So, fuair mé lift suas go dtí an campa leisean.

DÓNALL: Bhí tú ar dhroim na muice anois?

PADAÍ GHRACIE: So, chuaigh mé suas ansin agus chuaigh mé amach. Bhí Jimmí agus iad ar shiúl, bhí, bhí siad ag fágáil go díreach, réidh le fágáil ar an seacht a chlog, rachadh an shift amach ar an seacht go dtí an seacht so mhothaigh mé sa champa nach raibh duine ar bith ag gabháil ag obair agus bhí na, ní raibh leapacha ar bith ach oiread ann so chonaic mé an fear seo thall, bhí cineál de aithne agam air but ní raibh... chuaigh mé anonn a fhad leis, tollán boss a bhí ann, fear Andy 'Cam__' air, do ndéanfaidh Dia mhaith air.

So dúirt mise 'how are you fixed for putting a man to work?'

'Oh' a dúirt sé, 'the work's full up', a dúirt sé 'and the camp' and sonny boy a bhéarfadh sé....

'Who are you again, sonny boy?'

Dúirt mise 'Joe Mc Fadden's son'.

'Oh' a dúirt sé, 'it would be a bad day', a dúirt sé 'if I didn't put you to work' a dúirt sé. So, thug sé line domh. Dúirt sé go raibh jeep ag gabháil amach ar an deich an chloig agus a ghabháil amach 's leaba a thabhairt amach..Thug mise amach...Níor thug sé leaba ar bith domh but chur sé isteach in leaba eile mise agus thug sé an cupa, scian 's an fork 's helmet agus rud domh. So, bhí iontas orm féin, bhí mé féin ag teacht isteach ar maidin agus bhí achan leaba déanta ach mo cheannsa (gáire).

DÓNALL: (Gáire)

PADAÍ GHRACIE: But ní, bhí a fhios agam maidin Dé Satharn caidé a bhí cearr, bhí an leaba, bhí mé féin agus Pole, bhí an leaba double shiftáilte. So, ansin fuair mé leaba domh féin maidin De Sathairn, istigh in cubicles, bhí ceathrar againn sa chubicle. Open, open hut a bhí anseo.

DÓNALL: Tá a fhios agam, sea, but an gcaithfeá do chuid féin a chóiméad ansin ná mbeadh siad, an mbeadh na daoine alright, na fir eile, like?

PADAÍ GHRACIE: Ah, bhí an mhuintir a bhí ann, mairim, but an mhuintir a bhí ag gabháil thart, a dtugann siad an long distance air, sin an mhuintir, aye.

DÓNALL: Mmm, mmm. Ní thiocfadh leat iad sin a thrist.

PADAÍ GHRACIE: Ní thiocfadh.

DÓNALL: But inis seo a Phadaí, caidé an cineál pá a bhí ann, muna mhiste leat inse domh fá choinne?

PADAÍ GHRACIE: Bhuel thart fan t-am sin, seacht, trí phunt agus seacht scilling deag subsistence a bhí muid a fháil agus bhí an campa trí phunt agus cúig scilling déag. Nuair

a bheadh an campa, tá mise gabháil go dtí 1962, idir 25 agus 30 punt i ndiaidh an campa a dhíol.

DÓNALL: Bhuel, ní raibh caill ar bith ar sin.

PADAÍ GHRACIE: Ní raibh caill in sin but bhí obair mhillteanach ag Wimpy thíos an bealach mór. Bhí siad ag obair 7, 12 uaireanna shifts. Ó, bhí airgead millteanach ansin, bhí siadsan thar an chéad go maith an t-am sin. But ghlacfadh duine ínteacht bás a fháil le fáil isteach ann, you know.

DÓNALL: Ghlacfadh. But, bhí sibhse sibh féin ag déanamh an dá uair déag, a Phadaí, nach raibh?

PADAÍ GHRACIE: Dá uair déag. But thiocthas muid dó maidin Dé Sathairn agus bhí muid dó go mbeadh sé an seacht a chlog oíche Dhomhnaigh ná thiocthadh leat a ghabháil isteach ar an deich oíche Dhomhnaigh dá mbeadh carr agat féin, ghabháil amach go dtí an tollán.

DÓNALL: Raibh, raibh an bia go holc ansin a Phadaí?

PADAÍ GHRACIE: Bhí an bia olc, iontach olc. Dé hAoine bheadh giota deas stew ann, sin, an t-am sin ní íosfadh muid inne feoil ar bith, d'íosfadh muid iasc but nach gránna i gcónaí De hAoine, go mbeadh giota deas stew ann.

DÓNALL: But, creidim ag deireadh na seachtaine, go gceannódh sibh féin an stuff?

PADAÍ GHRACIE: Ó, ní ghnách linn, ba ghnách linn, deireadh na seachtaine, bhí carr agamsa 's b'fhéidir ba ghnách, isteach go Oban ná anuas go Glascú fá choinne deireadh na seachtaine.

DÓNALL: Inis seo domh, a Phadaí fosta. An bhfeiceann tú anois, bheifeá thusa ag gabháil isteach ag gabháil a dhéanamh ceann de na shifts sin, dhá uair déag. Inis domh caidé an cineál treallamh a bheadh libh, a Phadaí?

PADAÍ GHRACIE: Ó bhuel bhí, an t-éadaigh, do chuid éadaigh féin ort, ní raibh a dhath extra, go díreach an helmet, sin a raibh ann 's pullover agus bhfuil a fhios agat, ní chaithfeá mórán airgid, bheifeá, ní chaithfeá mórán éadach, bhí sé te uair amháin agus a gheobhfá isteach sa tollán. But, ní raibh a dhath extra, a dhath ar bith ach taobh amuigh de na helmets, na helmets an t-am sin, helmets dubha a rinne rud thart mar iall bróige a bhí ag coinneáil an, bhfuil a fhios agat, an rim taobh istigh. Helmet iontach simplí a bhí ann.

DÓNALL: Agus ní raibh a dhath fá choinne do chuid cluasa ná...?

PADAÍ GHRACIE: Ní raibh ear muffs ná a dhath ar bith ann. Ná shéidfeadh siad agus bhí tú ag fáil sin uilig faoi na, fríd na cluasa.

DÓNALL: So, an rud is mó a bheifeá thusa a dhéanamh ná ag drillal a Phadaí, an b'é?

PADAÍ GHRACIE: Ó, drillal a bhí achan duine.

DÓNALL: Agus bhí rud agaibh le sin a fhágáil ina shuí ann, an drill, a raibh ná....?

PADAÍ GHRACIE: No, bhí rud a raibh airleg air, bhí sé ag gabháil le aer a bhí. Chuirfeá isteach é agus ansin bhí uisce air fá choinne an drill a choinneáil fuar.

DÓNALL: Mmm, mmm. (Sos) Agus an mbeadh sin, an mbeadh an t-uisce ag sileadh anuas oraibh?

PADAÍ GHRACIE: Ó, bheadh an t-uisce ag sileadh anuas fosta. '____+' gheobhfá fliuch, corr áit nach bhfaigheadh agus corr áit a gheobhadh.

DÓNALL: Caithfidh sé ansin a Phadaí, go ndearna sé dochar do do shláinte, bhfuil a fhios agat.

PADAÍ GHRACIE: Bhuel, ní, bhuel, creidim, bhuel ní raibh, bhí an, drill sin, choinnigh sé ar shiúl an diosta tirim uilig, t-uisce, but an rud a bhí ag cur isteach ar do shláinte, rud a dtugann siad an jelly reek air agus an diesel reek, na locals, bhí siad ag gabháil le diesel agus an boladh a bhí amach astu ansin. Ansin uair amháin nuair a shéidtí, bhfuil a fhios agat, bheadh `_____´ le fireal, bheadh an jelly reek cáidheach sin, bhfuil a fhios agat, á, bhí sé olc agat.

DÓNALL: Inis seo domh, bhfaca, an bhfaca tú.....

Bhí tú ag gabháil a rá, abair leat.

PADAÍ GHRACIE: Bhuel ní raibh sin, sin thuas ag `_____´, but chuaigh muid síos, chuaigh mé síos go Nottles ansin, thíos ansin, ó, bhí, ní fheicfeá bulb, ní fheicfeá an bulb, bhí, na dumptrucks ag gabháil isteach na tollán ansin. Bhí siad ábalta tiomáint isteach, na dumptrucks mhóra, the `_____´.

DÓNALL: Mmm, mmm.

PADAÍ GHRACIE: Agus an Dozer 977 na `_____´, tá a fhios agat cé leis a bhí, bhí fans ann but ní raibh na fans ag obair dhath ar bith.

DÓNALL: Bhí sin ina dhiosta uilig.

PADAÍ GHRACIE: Ó, ní, droch obair, ní raibh dig, ní raibh lóistín oíche fhéin ann. Bhí tú ag dependal ar ghráin beag bonus a bhí ann agus na uaireanna. Ní raibh duine ar bith ag fáil an, fáil an dig money ach an shift boss agus an leading miner.

DÓNALL: So, caidé an dóigh a raibh tusa ag bogadh thart. An bé focal béil a bhí, bhí tú ag piocadh suas ó dhaoine eile ná...

PADAÍ GHRACIE: Bhuel, bhí mé san aunt, agus bhí an croían seo ann a raibh Andy Dewhard air, bhí sé thuas, d'imigh sé go Nottles. So, dúirt sé am ar bith a dúirt sé a rachainn síos, go gcuirfeadh sé ag obair mé. So, sin an dóigh a deachaigh mise ann. But d'imigh mé uair sa, ó, bhí mé ann dhá uair na trí 's chuir sé ar obair achan uair mé.

DÓNALL: Fuair tú ar aghaidh go breá leis.

PADAÍ GHRACIE: But bhí, ní raibh ann ach choinne, bhí, bhí sé olc you know.

DÓNALL: Mmm.

PADAÍ GHRACIE: But ansin bhí léir mór, bhí cuimhne agam maraíodh croían as Fal, as an Fhál Carrach a raibh Frank Doohan air, bhí sé ocht mbliana déag sé seachtaine roimh sin. Tháinig sé anuas, míle, dhá chéad troigh anuas. Shaft a thiomáin sé a raibh an alm aici, bhí sé horizontal chorr a bheith.

DÓNALL: Ach chonaic tusa, chonaic tusa go leor ag titim isteach a Phadaí, bhfuil a fhios agat.

PADAÍ GHRACIE: Agus, á tá mé ag déanamh gur trí cloigeann deag a maraíodh sa shaft sin uilig. Maraíodh croían eile ansin, bhí aithne mhaith agam air, boc a raibh Alastair Harbour air, as suas tuaisceart na hAlbana a bhoic. So, á bhí mé féin ag smaoineamh oíche amháin, chuaigh mé suas as Glascú, bhí mo píosa agus deireadh réidh agam, fá choinne a ghabháil amach. So, rinne mé athsmoineamh, chaith mé an helmet agus an píosa ar mullach an locker 's chuaigh mé isteach a luí. Maidin lá arna mhárach thóg mé mo chuid leabharthaí. Tháinig mé isteach go Glascú, sin 1974.

DÓNALL: Chuir sin ag smaoineamh tú, go díreach chuir sé isteach ort fosta.

PÁIDÍ GHRACIE: Bhí mé ag smaoineamh caithfidh sé go raibh dóigh níos fearr na sin, thar a bheith amháin, caidé is contúirt, le bheith beo is bhí mé díomhaoin san am sin 's caidé. Tháinig mé isteach go Glascú 's chuaigh mé ag obair ag m'athair amuigh in

Cumbernauld fosta, bhí sé chorr na July holidays, chaithfeá a bheith ag obair mí len carda 's jack, uair amháin a fuair muid an, eh, airgead '____'+, ní bhfiú mórán an firm a bhí ann, d'fhág muid but tháinig an croián seo isteach as an Ardaí Bheag, Charlie Greene, bhí, tháinig crowd aníos a raibh Christiana, Lenane, Mc Kenzie and Shand orthu aníos go dtí an Hamilton Bypass aníos ón Doncaster, bhí siad ag quartú gangers. So, tháinig sé seo fá choinne m'athair agus thug sé amach an croián seo Andy Strain, bhí aithne ag achan duine air, gang, agus Mandy Doyle. Bhí an triúr acusan i gcónaí, bhí siad ina raith thart, bheadh na 'ganger mans' in cliques a bhí iontu féin, bhí aithne mhaith acu ar a chéile so chuaigh siad amach so dúirt m'athair liomsa, dúirt sé bhéarfaidh mé amach tú, gheobhaidh mé jeab duit in do 'bhanks man'. So, landal muid amuigh. So boc mór seo, bhí ina mockshift agent, oh, boc a raibh Jack Leevy, bhí aithne mhaith ag Diarmuid Annie Eoin agus na Mc Gar, na Mc Garveys air. Ó fear, ó boc mór trom 's gloine fear Westie, ó fear thick, ó dúirt sé 'plenty of effing banksmen here' a dúirt sé. 'We don't need them' a dúirt sé. 'How long is he, is he long working with you', bhuel bheinnse 24 san am. Dúirt sé naoi mbliana, d'inis sé an fhírinne do, bhí mé cúig bliana déag ar an Chládaigh. Dúirt sé 'he should be able to take an effing gang on himself'. So dúirt m'athair liomsa i nGaeilge, tá cuimhne mhaith agam ar na focail 'ná habair i choíche nach raibh tú ábalta rud a dhéanamh, abair i gcónaí go bhfuil, ní thig leo a dhéanamh ach tú a shackal, ní thig leo tú a chaitheamh isteach na phríosúin.

DÓNALL: Chuir sé comhairle mhaith ort.

PADAÍ GHRACIE: Ó, so startal mise ag gangaireacht (sos) ann agus fuair mé ar aghaidh i gceart ná just, bhí mé aigesan i roimhe ná bhí mé ina bhanksman ag dozers a bhí ar workshift agus bhí idea maith agam caidé a bhí ag gabháil. So, boic as amach síos Gaillimh, Maigh Eo agus na Midlands a bhí ag tiomáint 's réidh i gceart leofa.

DÓNALL: Bhí tú níos sásta ansin, bhí lúcháir ort ansin gur fhág tú na tolláin, a Phadaí.

PADAÍ GHRACIE: Bhí, agus ansin bhí muid ansin 's October, tháinig fearthainn mhillteanach 's dóigh a bhfuil sé in workshifal, bhí, bhí tú i do sheasamh ansin coicís, you know, ní thig leat, ní sheasófá ar an Hall Roads, bhfuil a fhios agat, ná Tips ná a dhath

amach uaidh so bhí, bhí muid off but bhí muid, bhí, ceathracha uair agus uair achan lá san allocation, bhfuil a fhios agat, ag déanamh amach, gheobhfa uair, sin ceathracha ceathair agus bhí lóistín againn eh, lóistín againn, tá a fhios agat, airgead an lóistín, so bhí sin maith so fear seo, PADAÍCharlie Hughie, tá sé i nGlascú anois, bhí muid na chara mhór ná.

DÓNALL: Sin PADAÍas Dobhar an b'é?

PADAÍ GHRACIE: PADAÍas Dobhar, so dúirt sé liomsa go raibh Scottish Land ag cuartú, cuartú, go dtáinig siad i n-éadan carraig 's go raibh giota drillal 's séideadh le déanamh ar an charraig. So, fuair sé mise amach agus thosaigh muid ar dhrillal. Ó tháinig an Clerk of Works thart agus dúirt sé ní bheidh drillal ar bith anseo ná blastal. Go raibh sé ródheas dá flats agus Douglas seo a bhí ag smaoineamh díreach agus dúirt muid plug and feathers. So, bhí seisean, ní mhothaigh sé iomrá ariamh ar an áit ná joiner a bhí ann ar tús. Bhí sé ag déanamh nuair a ba ghnách le Pa Johnny a bheith ag actal, bhí sé ag déanamh go raibh mise ag iarraidh a bheith smartailte fosta (gáire).

DÓNALL: (Gáire)

PADAÍ GHRACIE: So ansin bhí a fhios aige go maith nach raibh so á, bhí muid seachtain ansin, plug and featheral.

DÓNALL: Inis tusa domsa anois fá plug and feathers. Níl, tá mé aineolach ar sin, inis tusa domsa.

PADAÍ GHRACIE: Á, bhuel, dhéanfá poll but bhí sé níos mó ná an, bhí sé thart fá dhá orlach, rud seo, tonguestone a screwal isteach é agus chuirfeá síos ansin, dhá rud a mbeadh leaf, bhfuil a fhios agat, springs carranna ann a raibh liobar orthu agus bhí an rud seo ann, chisel point air agus gráin poill agus chuirfeá an jackhammer air, bhurstal sé amach an charraig, ó.

DÓNALL: Ní shéidfeadh sé suas go holc, go garbh?

PADAÍ GHRACIE: Ó, ní, ní, ní raibh blastal ar bith ann, bhurstaladh sé an charraig, ó rinneadh léir do thart anseo fosta.

DÓNALL: But bhí tusa eolach ar do ghnoithe ag an am sin.

PADAÍ GHRACIE: Bhuel, bhí muid piocadh, ní miste, achan tseachtaiin foghlaimeoidh tú rud, sin an rud a déaraimse i gcónaí leis an, so, ansin bhí siad ag cuartú foreman ganger, in Edinburgh, so Eddie Curran, bhí aithne agat ar Eddie Curran?

DÓNALL: Ó, aye.

PADAÍ GHRACIE: Deartháir Joe Curran. Bhí Eddie ina foreman istigh ann so dúirt sé liomsa ba cheart duit a ghabháil fá choinne a dúirt sé, in Edinburgh, so d'ínis, líon Eddie isteach, bhí sé maith leis an pheann, líon sé isteach na forms domsa. But chuaigh seachtain, coicís thart, trí seachtaine bhí dearmad déanta agamsa mé féin do. But Jock Douglas seo, travelling foreman, thug, dhíol sé achan duine, d'fhág sé mise go dtí deireadh Dé hAoine seo, agus d'aithin mé go raibh cineál de chorraí air. But bhí cineál de dearmad agamsa, ní mé féin a líon an chéad uair. Dúirt sé 'I heard you're leaving us'. Jeez a dúirt mé, bhí cineál de, 'aye', a dúirt sé 'you applied for a job with Scottish Land, Edinburgh' a dúirt sé, 'do you know what you should be done with you' a dúirt sé, 'you should be sacked' a dúirt sé, 'why did you not tell me', a dúirt sé, 'and I would get you', so a dúirt sé, 'they contacted me' a dúirt sé, 'and I told them, and you're going up Monday' a dúirt sé, 'and there's nine of you for interviews' a dúirt sé, 'but the job's yours'. So, sin an tuighe nach dtristóinn interview i choíche arís na bhí mise ansin agus bhí a fhios agamsa go raibh an jeab agam.

DÓNALL: Bhí an chorraí airsín.

PADAÍ GHRACIE: Bhuel bhí sé ag déanamh, bhfuil a fhios agat, sin an cineál duine a bhí ann, but maith dona hÉireannaigh. Free Mason a bhí ann but shackalódh sé scotch fella agus chuirfeadh sé na hÉireannaigh, am millteanach fá choinne na hÉireannaigh.

DÓNALL: Aye. Inis seo domh ansin, a Phadaí. C'fhad agus a chaith tú ag gabháil dá sin go dtáinig tú na bhaile?

PADAÍ GHRACIE: Chaith mé cúig bliana 's trí mhí ag gabháil do. Tháinig mé anall ag Nollaig '69, bhí mé fá choinne a ghabháil go áit a raibh Six Mile Bridge, Co. Clare ag crowd a raibh PJ Walls air.

DÓNALL: Ó, chuala mé an t-ainm sin, ba ghnách le Charlie Dubh a bheith ann, bhí.

PÁIDÍ GHRACIE: Town centre agus bhí, fá choinne a ghabháil síos acu sin, 's Christ tháinig m'athair na bhaile ansin 's ní raibh dóigh, ní raibh duine ar bith ann ach mise bhí, bhí ailse sna bowels air so b'éigean domh, ní raibh sé a dhath ach 59 san am. So, b'éigean domsa fanacht ag mo mháthair ansin. Ní thiocfadh liom imeacht 's ní raibh áit ar bith le ghabháil ansin but sa páipéar áitiúil bhí an ESB ag quartú fir fá choinne oibriú ar overhaul. So líon muid isteach agus tá mé ag déanamh go raibh thar 50 istigh, chuir siad 18 againn ag obair. So d'ínis siad dúinn gur 6 seachtaine oibre a bhí ann 's b'fhéarr sé seachtaine ná gan a dhath ar bith so chuaigh an sé seachtaine go dtí trí mhí 's bhí mé féin agus John Lanty, go ndéanfaidh Dia mhaith Jack Boyd, go ndéanfaidh Dia mhaith air agus Louis, no, Joe Harkin go ndéanfaidh Dia, tá siad uilig ar shiúl. Bhí cúigear againn ann 's tháinig an jeab seo, dhá jeab seo aníos fá choinne a bheith ann ar fad so fuair mise agus Lanty na jeabanna but ansin bhí fear eile in line, bhí sé ag fáil deich mí sa bhliain agus bhuel, díoladh mise amach ar an chéad lá de January '71, aye, '71. But ansin, ní raibh mé dó, bhí, bhí jeab seo ag teacht aníos arís, vacancy eile ann so chuaigh mé ag obair thart fan, tá mé ag déanamh gur thart fan 23ú lá den Mhárta but pósadh mise istigh idir an dá am 's tax rebate a fuair mé, ní, bhí sé go maith agus a bheinn ag obair, níos féarr.

DÓNALL: Bhí sé.

PADAÍ GHRACIE: So bhí mé 26 bliain ann amach as, amach as na sé seachtaine.

DÓNALL: Agus caidé an cineál oibre go díreach a bhí tú a dhéanamh ann, a Phadaí?

PADAÍ GHRACIE: Ó, bhuel thosaigh mé an chéad uair, bhfuil a fhios agat, fitter's mate, ag obair leis na fitters. Ansin, amach ar an vean, ag tabhairt páistí na scoile dá mbeadh fear an vean Johnny Mhicí Óig, go ndéanfaidh Dia mhaith air...

DÓNALL: Tá cuimhne agam air.

PADAÍ GHRACIE: Eh, bheifeá, bheinn amuigh ar an vean. Ansin, d'fhoghlaim mé an weighbridge, dá mbeadh Michael White off, agus ansin, d'fhoghlaim mé an, bhfuil a fhios agat, an loader sa yard, dá mbeadh aon duine den mhuintir a bhí ansin. Ansin, thug siad isteach agus d'fhoghlaim mé an taobh istigh, an boiler. So, sin an áit a chríochnaigh mé suas, ar an bhoiler.

DÓNALL: Jesus, a Phadaí, like, tá cuimhne agam féin, m'athair agus go leor eile ag díol móna ann. Chuir sé croí agus anam i nGaoth Dobhair ag díol na móna, a Phadaí?

PADAÍ GHRACIE: Ó, chuir, nuair a thosaigh sé an chéad uair, tá mise ag déanamh, ní raibh mórán le cúpla, dhá phunt an tonna.

DÓNALL: Sin a raibh ann.

PADAÍ GHRACIE: Sin 1958, but tá mé ag déanamh gur 1995 gur fiche sé, caoga a bhí ann, tonna.

DÓNALL: An tonna? Bhí airgead mór ann.

PADAÍ GHRACIE: Sin, ní sin euros anois, sin an sean, yeah, yeah.

DÓNALL: Ó no, no, ní hé. But nach raibh sé gnoitheach, a Phadaí agus chuir sé anam agus croí i nGaoth Dobhair?

PADAÍ GHRACIE: Ah bhuel nuair a chuaigh mise isteach ansin an chéad uair, bhí siad ag glacadh suas le caoga míle sa bhliain but ansin bhí an gráta agus rud, ní raibh, tá a fhios agat, bhí sé ag teacht anuas leis, you know.

DÓNALL: Tá a fhios agam, thosaigh sé ag caitheamh agus bhí overhaul de dhith air.

PADAÍ GHRACIE: Aye, bhí sé ag cosnú seacht gcéad pingin an unit thuas ansin agus bhí Moneypoint ábalta é, an ola a thabhairt isteach as Meiriceá agus an unit a chur amach ar dhá phingin an unit. Á, so bhí a fhios againn ansin go raibh an scríobh ar an bhalla fá n-ár gcoinne. Bhí cúpla toghchán ann go gasta, ach go bé sin bhí muid ar shiúl, bheas muid ar shiúl i bhfad roimhe sin.

DÓNALL: Déarfainn sin.

PADAÍ GHRACIE: So na, na, na politicians, sin, bheas muid ar shiúil gráin, thart fá sé bliana roimhe sin ach go bé go.....

DÓNALL: Sé na politicians a choinnigh foscailte an áit, a Phadaí, déarfainn.

PADAÍ GHRACIE: Ó, choinnigh siad an fhad agus a thiocfadh leo but ní thiocfadh leo ní ba mhó a dhéanamh. Chaithfeadh sé a theacht go dtí ceann scríbe am ínteacht.

DÓNALL: Tá sin fíor ach bhí rud eile fosta, a Phadaí, bhí an Screabán ag gabháil i nGaoth Dobhair go láidir so creidim gur éirí daoine óga falsa 's stad siad, bhí obair bhocht le baint mhóna.

PADAÍ GHRACIE: Ó, ní raibh a dhath bog ag baint mhóna na léir, léir mór den tsean dhream, bhí léir acusan ag titim, bhfuil a fhios agat, ag gabháil suas i mblianta fosta.

DÓNALL: Mmm, mmm.

Sílimse an rud sin, beidh cuimhne agatsa ar dhream a bhéarfadh suas an mhóin anois tú féin agus le m'athair agus iad. Seacht dheartháir, na Ferrys as Bun an Leaca ná Faoi Chnoc creidim. Bhuel, d'éirigh siad sin aosta fosta a Phadaí agus go leor eile.

PADAÍ GHRACIE: Ó d'éirigh siad aosta, na Ferrys agus Peoples agus Jimmy Theresa agus Jimmy 'Shorcha' agus ó..

DÓNALL: Mharaigh siad iad féin.

PADAÍ GHRACIE: Aye, taobh thoir.

DÓNALL: Inis seo domh, caidé an meáchan is mó a bhfuil cuimhne agatsa ar na lorries mhóra a thiocfadh isteach, a Phadaí?

PADAÍ GHRACIE: Ó, bhuel i ndeireadh ama, i ndeireadh ama bhí, bhí, bhí lorries ag teacht isteach a raibh thonna déag orthu agus dhá thonna dhéag ná bhí, chuaigh an tractor isteach lá amháin, dúirt mé, anois, tá mé ag déanamh gur thart fá seacht dtonna agus cúig chéad meácháin a bhí ar an tractor so bhí sin, á, bhí (gáire)

DÓNALL: B'fhéidir gur lód '_____' a bhí leo (gáire).

PADAÍ GHRACIE: Á, bhí, bhí, déarfainn nár chuidigh sin a dhath linn ach oiread.

DÓNALL: No, tá mé ag déanamh go rabhtar ag cur isteach an stuff gan úsáid ar fad.

PADAÍ GHRACIE: Aye.

DÓNALL: Bhfuil a fhios agat, ní thiocfadh leis cuidiú libh.

PADAÍ GHRACIE: Bhí an grátadh ann, chaithfeadh an t-aer a theacht aníos, you know.

DÓNALL: Chaithfeadh.

PADAÍ GHRACIE: Agus dá mbeadh an greamhar, ní bhfaigheadh an t-aer aníos agus ní, ní, bhuel móin fliuch, dá mbeadh an mhóin fliuch, rachadh an mhóin, bhfuil a fhios agat, fliuch, rachadh sí amach ar cúl. Bhí an t-aer ag fáil aníos, bhí sí ag dódh an mhóin mhaith.

DÓNALL: Sin greamhar a bhí ann.

PADAÍ GHRACIE: But an greamhar, bhí sé ansin ag smotheral, ní raibh an t-aer ábalta fáil aníos agus bhí an gráta ag warpal agus achan rud.

DÓNALL: Sea, sea. Agus bhítear a chur isteach fá choinne an meáchan a dhéanamh, a Phadaí.

PADAÍ GHRACIE: Ó, bhuel, bhí, aye. (Gáire)Aye.

DÓNALL: (Gáire) Dhíol tú féin go leor móna, a Phadaí?

PADAÍ GHRACIE: Ó, leora dhíol, agus creidim go deachaigh an greamhar isteach fosta.

DÓNALL: Á bhuel, ní bheifeá thusa chomh holc.

PADAÍ GHRACIE: Ní, bhuel, bhfuil a fhios agat seo, bheirfeá an tsluasaid but bheadh gráin bhfuil a fhios agat.

DÓNALL: Sea.

PADAÍ GHRACIE: But, bhfuil a fhios agat, bhí rud ann, greamhar 's greamhar ann.

DÓNALL: Bhuel sílim nuair a bhítear ag úsáid na sluaistí móra sin, gur sin an rud a bhí ag cur isteach an greamhar, nuair a bhí grape ann.

PADAÍ GHRACIE: Ó, ní raibh a dhath contráilte le greamhar tirim anois, tá, tá muid féin a dódh amuigh sa chlamp anois.

DÓNALL: No. Scoth an stuff.

PADAÍ GHRACIE: Aye. But seo cineál de, bhfuil a fhios agat, rud a bhí ann le blianta, am an chogaidh, cuid de, you know.

DÓNALL: Sea, sea, rud gan úsáid.

PADAÍ GHRACIE: Aye.

DÓNALL: Bhuel a Phadaí, b'fhéidir go bhfágfaidh muid inniu é agus nidh tiocfaidh muid ar ais lá eile aige.

PADAÍ GHRACIE: Aye.

DÓNALL: Maith tú.

BRISEADH ANSEO. An chuid eile den agallamh déanta ar lá eile.

LÁ 2

DÓNALL: Anois, a Phadaí, tá mé ag iarraidh, bhí muid ag caint ar an Chúirt níos luaithe but tá mé ag iarraidh do chuid eolais ar eh. Caide an dóigh a bhfuair an Tiarna Hill, George Hill, an talamh agus cá bhfuair a bhfuair sé é a Phadaí?

PADAÍ GHRACIE: Bhuel, an dóigh a mhothaigh mise, Séan Mac Giolla Bhríde i gCroithlí, go ndéanfaidh Dia mhaith air ag rá, ná bhí leabhar aigesan agus thug sé ar shiúl í agus chuaigh an leabhar ó dhuine go duine creidim agus ní bhfuair Séan arís ariamh í. But an

rud a déarfadh sé i gcónaí gur ag na Baoilligh anseo a bhí an talamh sin agus duine de na bhfuil a fhios agat, captaenaí, bhfuil a fhios agat, na Hills, agus bhí suim mór aige san áit agus d'iarr sé ar, bhfuil a fhios agat, thart fá cúpla troighe cearnach. Bhí nóiníní ag fás ann agus ghearr sé an preab amach agus d'iarr sé é a thabhairt do ina lámh agus dúirt sé gur sin, sin deireadh anois, gur sin a chuid talaimh ar shiúl. Sin an dóigh a d'inis Séan é.

DÓNALL: Sin an cleas a d'imir sé go díreach.

PADAÍ GHRACIE: Sin an cleas.

DÓNALL: So ní bhfuair sibh, ní bhfuair do dhream, do dhream féin, a Phadaí.

PADAÍ GHRACIE: Ó, a dhath ar bith.

DÓNALL: Ní bhfuair sibh punt ná pingin.

PADAÍ GHRACIE: Níl mé ag rá go bhfuair sé a dhath ar bith. Sin anois, bheadh, bheadh Séan i gcónaí ag caint ar sin, go ndéanfaidh Dia mhaith air, thiar i gCroithlí.

DÓNALL: Bhí sin garbh go maith, a Phaidí. Agus an scoth an talamh a bhí thuas ag an Chúirt, a Phadaí.

PADAÍ GHRACIE: Ó, scoth an talamh ann.

DÓNALL: So an b'é sin cuid de dhream féin?

PÁIDI GHRACIE: Aye, do dhream-sa fosta.

DÓNALL: Sea, tá a fhios agam. Á bhuel. Inis seo domh anois, a Pháidi, thaispeáin tú pictiúr maith domh an chéad lá a bhí mé istigh. Bhí do mháthair mhór, do mháthair in sa phictiúr.

PADAÍ GHRACIE: Mo mháthair mhór a bhí ann.

DÓNALL: Do mháthair mhór. Bhuel, inis domh , an b'é sin, cén bhean a bhí, bhí ar cuairt aici?

PADAÍ GHRACIE: Eh, Lady Hill a bheir siad uirthi. Thiocadh sí i gcónaí thart fríd an bhaile nuair a thiocadh siad anall as Sasana agus thiocadh Admiral Hill thart. Creidim nach raibh siad ag iarraidh a bheith ag déanamh suas fán rud a rinne siad 's blianta a chuaigh roimhe sin.

DÓNALL: Sea.

PADAÍ GHRACIE: Agus, ó, Admiral Hill, ba ghnách leis a theacht thart agus ba ghnách leis i ndiaidh imeacht, bhfuil a fhios agat, páistí ar bith a bhí thart ar an bhaile, chuireadh sé anall malt, cod liver oil agus rudaí mar sin, ag iarraidh déanamh suas.

DÓNALL: Sea, yeah.

PADAÍ GHRACIE: Rachadh siad thart ná bhí bunadh sa bhaile seo, abhus ar an bhaile seo agus bhí siad ag obair sa Chúirt cibé.

DÓNALL: Bhí siad, bhí. An b'é cineál de stucaíocht a bhí ann go díreach?

PADAÍ GHRACIE: Ó, bhuel, creidim ag iarraidh a bheith deas i ndiaidh an..

DÓNALL: Sea. Nuair a bhí an dochar déanta.

PADAÍ GHRACIE: Bhí an dochar déanta.

DÓNALL: Inis seo domh anois a Phadaí, eh, tá mé ag iarraidh labhairt leat fá teach na Dúgáiní thíos anseo, an áit a raibh, an áit a raibh an Chúirt ar tús a choinneáil, nach b'é a Phadaí?

PADAÍ GHRACIE: Aye, sin, sin an áit a bhíodh an dlíodh. Ó, fuair mise cuimhne cibé c'fhad roimhe sin go dtí, á, níl a fhios agam caidé na blianta anois ná chuir sé, an fear úr atá ann anois, chuir sé ceist ormsa, cé na, cé na blianta a chuaigh sé go dtí Ard Scoil Mhuire. Bhí sé ansin agus ansin chuaigh sé síos go dtí an Óstan Ghaoth Dobhair ina dhiaidh sin. Teach Mhícheáil, bhí, bhí teach ósta ansin, teach, eh, hotel.

DÓNALL: Sea.

PADAÍ GHRACIE: Doogans Temperance Hotel a bhí air.

DÓNALL: Sea. Ta cuimhne agat air ag gabháil a Phadaí, bhi sé ag gabháil in do óige?

PADAÍ GHRACIE: Ó, ní, ní, bhí siad ag coinneáil lóistéirí but ní bhfuair siad teach leanna ariamh.

DÓNALL: Sea, no.

PADAÍ GHRACIE: Bhí sé ar na cardaí but creidim go raibh réasún leis.

DÓNALL: But sin an áit a gcoinnítí an chúirt a Phadaí?

PADAÍ GHRACIE: Sin an áit a gcoinnítí an chúirt.

DÓNALL: Bhuel an bhfeiceann tú in san am a bhí tú ar rá ag coinneáil na lóistéirí, nach raibh lucht busanna ná duine ínteach ag teacht isteach ann nuair a bhí tú i do ghasúr óg, nach raibh?

PADAÍ GHRACIE: Aye, bhí lucht busanna agus bhuel mo chuimhne-sa ar Teach Mhícheáil, an mhuintir a bhí ag obair thuas ag an, ag an, bhí an turf station ag gabháil san am, ag tógáil an turf station, bhí siad ag stopadh ansin.

DÓNALL: Sea.

PADAÍ GHRACIE: But, teach Joe Bhilly, bheadh léir lóistéirí ansin.

DÓNALL: Á, sea. Agus an b'é ansin fosta, a Phadaí a bhí duine de mhuintir Bhilly a bhí an chéad charr i nGaoth Dobhair sílim.

PADAÍ GHRACIE: An rud a mhothóinn-se mo mháthair ag rá, eh, tá mise ag déanamh gur Den Bhilly, thíos i Machaire Chlochair, deartháir Joe Bhilly a raibh an chéad carr aige agus ansin bhí carr i dtigh Hughie Cháitlín.

DÓNALL: Bhí sin luath go maith.

PADAÍ GHRACIE: Ag John, bhí sin luath go maith agus bhí, tá cuimhne agam féin ar ceann i dtigh Joe Bhilly.

DÓNALL: An bhfuil, a Phadaí?

PADAÍ GHRACIE: Ó, tá.

DÓNALL: Jesus, ní raibh aon cheann eile ar an bhealach chorr a bheith.

PADAÍ GHRACIE: Ní raibh, san am sin. Bhí sin thart fá 1946, tá cuimhne agamsa air.

DÓNALL: Sea. Bhí, bhí pony agus trap acu fosta, nach raibh roimhe sin?

PADAÍ GHRACIE: Bhuel, níl a fhios agam. Déarfainn go raibh ceann i dtigh Bhilly agus bhí ceann i dtigh Mhícheáil Árais. Ná bhí siopa ag Mícheál agus ba ghnách leis, an rud a mhothóinn –se iad ag rá, rachadh sé soir go Cloich Cheann Fhaola le earraí, díol earraí fá Chloich Cheann Fhaola.

DÓNALL: Sea. So bhí sé ag tabhairt amach, sea, tá a fhios agam, ag iompar, ag teacht amach.

PADAÍ GHRACIE: Agus bhí Mícheál Árais ina Chounaty Chouncillor.

DÓNALL: Raibh sé?

PADAÍ GHRACIE: Bhí.

DÓNALL: Bhí.

PADAÍ GHRACIE: Nach raibh duine ar bith eile ina Chounaty Chouncillor mhothóinn iad ag rá.

DÓNALL: Inis domh, rachaidh muid ar ais go dtí an Chúirt, a Phadaí, coinníodh corp an Mháirtínigh nuair a maraíodh é in sa Chúirt, caidé an scéal ná an seanchas a mhothaigh tú le sin, a Phadaí?

PADAÍ GHRACIE: Bhuel, an rud a mhothóinn-se mo mháthair, go ndéanfaidh Dia mhaith uirthi, agus iad ag rá, you know, maraíodh thíos i nDoiri Beaga é agus tháinig an corp aníos agus bhí seomra ansin go dtí an lá a leagadh é, bhí an fhuil still san urlár.

DÓNALL: Raibh, Phadaí?

PADAÍ GHRACIE: Caithfidh sé go raibh an chonair na cibé caidé a bhí sé istigh ann, bhí sé ag drippal amach ar an, amach, bhí an fhuil still ann. Seomra an Mháirtíneach a bhéarfadh siad air.

DÓNALL: Sea. 'S ní dheachaigh aon duine ariamh isteach ann, b'fhéidir.

PADAÍ GHRACIE: Ó, ó, rachadh, but bhí muid uilig istigh ann, you know.

DÓNALL: Is bhí, bhí na deora ina luí ar an urlár?

PADAÍ GHRACIE: Bhuel, ní fhaca, but bhí, bhí sé, bhfuil a fhios agat, creidim go raibh léir diosta san am sin but an t-am a bhí na, nuair a bheadh na hurláir glanta go maith agu sachan rud, bhí an fhuil still sna cláraí.

DÓNALL: 'S a ndéarfadh i gcónaí go raibh taibhse sa Chúirt, a Phadaí?

PADAÍ GHRACIE: Bhuel, bhí sin ag gabháil, bhí siad ag déanamh go raibh taibhse an Mháirtíneach but ní fhaca, níl a fhios agam duine ar bith anois a chonaic é.

DÓNALL: No. Inis seo domh anois, tú ag éirí aníos do ghasúr óg, bhí an traen station ag gabháil thíos ansin agus bheadh sí, bheadh scaiftí daoine ag teacht agus ag imeacht, caidé do chuimhne ar sin, a Phadaí?

PADAÍ GHRACIE: Bhuel, mo chuimhne-sa air, ní raibh, ní raibh paisinéirí ar bith. Nach chuaigh mise na scoile i 1946 agus bhí an traen ag gabháil, but móin a bhí sí ag tabhairt ar shiúl. Bhí siad ag baint na móna ar an Ard Donn, bhí siad a tabhairt aniar, isteach le lorries agus carr, beithíoch agus carranna agus líontaí na wagons agus rachadh sé amach, rachadh na wagons go St. Johnston.

DÓNALL: Mmm.

PADAÍ GHRACIE: So, cuimhne agam, ba ghnách léi a theacht isteach ansin agus ní raibh paisinéirí ar bith, cuimhne ar bith agamsa ar na paisinéirí, móin. Caithfidh sé gur chríochnaigh sí thart fá 1947.

DÓNALL: Sea. Raibh cuimhne agat ansin i ndiaidh, caide an chúis i ndiaidh an chogaidh, an b'é a tógadh na rails, an b'é, a Phadaí?

PADAÍ GHRACIE: Aye, i ndiaidh an chogaidh, bhí, bhí, bhí, bhí siad a dtógáil in am an chogaidh but bhí fear thiar i nDobhar go ndéanfaidh Dia mhaith air a raibh Charlie Hughie

Phadaí air 's bhí sé, agus Aodh Ó Dúgáin, máistir scoile a bhí agam féin, go ndéanfaidh Dia mhaith orthu agus ba ghnách leo a bheith abhus, bhí Aodh ina Chounaty Chouncillor an t-am sin dá chlann na poblacht.

DÓNALL: Mmm.

PADAÍ GHRACIE: Agus Charlie Hughie Phadaí, scríobh sé ag an Chairman, Ambassador, i mBaile Átha Cliath agus go raibh siad ag tógáil na ráilleach agus go mbeadh se díolta le Sasana fá choinne war material agus bhí Éirinn neamhspléach san am.

DÓNALL: Mmm, bhí.

PADAÍ GHRACIE: Ní raibh siad, so chuir sin deireadh leis but nuair a bhí an cogadh thart agus deireadh, thóg siad na ráilleach ansin.

DÓNALL: Bhfuil cuimhne agatsa ar fhir ag tógáil, tógáil na ráilleacha?

PADAÍ GHRACIE: Tá. Ba ghnách leo a bheith abhus, bhí daoine ag stopadh but an t-am sin nuair a thiocfadh na péas, d'imeodh siad, you know. Bhí eagla an t-am sin, you know, bhfuil a fhios agat, ní raibh protests, bhí siad coinnithe síos.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

PADAÍ GHRACIE: Aye.

DÓNALL: Bhuel, a Phadaí, bhí mé ag gabháil a chur ceist eile ort agus ansin fágfaidh mé tú, eh, an cnoc seo amuigh, na Leachtaí, agus is minic a bhí mé amuigh ann, tá sé tamall maith ó bhí but tá na leachtaí ar bharr an chnoic. Caidé an seanchas atá agat le sin, a Phadaí?

PADAÍ GHRACIE: Bhuel, rud a hinsíodh domsa, eh, bheirtí, ní raibh reilig ar bith i Machaire Gathlán san am agus bheirtí na corpanna soir go dtí áit a raibh Tullach

Bheighbhile air agus na Leachtaí , sin áit a dhéanadh siad scíste, rachadh siad trasna an chnoic leis na corpanna.

DÓNALL: Agus chaitheadh siad cloch ansin, go díreach.

PADAÍ GHRACIE: Cloch ansin, so ba ghnách le...

DÓNALL: Bhi siad a dtabhairt a Phadaí níos faide siar as Gaoth Dobhair, nach raibh siad ag teacht aniar as Na Rosa?

PADAÍ GHRACIE: As Na Rosa fosta, but níl mise ach ag rá, bhfuil a fhios agat, Gaoth Dobhair, aye, as Na Rosa.

DÓNALL: Sea, tá a fhios agam.

PADAÍ GHRACIE: Caithfidh sé nach raibh áit ar bith ann ach Tullach Bheighbhile.

DÓNALL: An sin mar a chuala tú an scéal?

PADAÍ GHRACIE: Sin an dóigh a chuala mise an scéal.

DÓNALL: Sea. Agus ansin bhí Ard na gCeapairí thíos, ansin na Machaireacha, deirtí i gcónaí gur sin áit eile a raibh scíste acu ná rud inteacht.

PADAÍ GHRACIE: Bhuel, creidim go, bhfuil a fhios agat, anois, na Seacht Leachtaí, now bheadh mo mháthair i gcónaí, but bhfuil a fhios agat seo i ndiaidh mé a bheith tógtha thart anseo, chaith mé, ní dheachaigh mé thart ariamh ar na Seacht Leachtaí.

DÓNALL: Sea, á bhuel bhí tú ar shiúl go óg fosta, a Phadaí, amach as.

PADAÍ GHRACIE: Á, bhí muid thart, bhfuil a fhios agat, fada but ní raibh, san am sin, ní raibh suim againn sna rudaí sin.

DÓNALL: Sea.

PADAÍ GHRACIE: So.

DÓNALL: Inis domh, rachaidh muid ar ais ag baint na móna, a Phadaí. Baineadh léir den mhóin sin, sin scéim mbaint, scéim faoi Chomhairle na Contae, nach b'é, bhí siad ag baint na móna thiar ar an tArd Donn dúirt tú.

PADAÍ GHRACIE: Aye, in am an chogaidh, bhí siad ag baint na móna ansin, bheirtí isteach, bhí lorries ag tarraingt isteach go dtí an stáisiún ná ba ghnách linne fáil siar na scoile leofa, bhí siad ag tiontadh suas an áit a bhfuil teach Noel Roarty anois.

DÓNALL: Sea, tá a fhios agam an áit.

PADAÍ GHRACIE: Aye, agus bhí cuid eile acu ag gabháil suas ansin ag teach Sheamús Mc Aodh.

DÓNALL: Sea. Baineadh amach léir caoráin leis.

PADAÍ GHRACIE: Baineadh amach léir caoráin agus bheirtí, bhí carranna agus beithígh ag tabhairt anoir, so líontaí an wagon, an oiread seo an wagon, rachadh se go St. Johnston...

DÓNALL: Sea.

PADAÍ GHRACIE: ...Agus ansin as St. Johnston, bhí sé ag gabháil go Baile Átha Cliath go dtí Páirc an Fhíoruisce.

DÓNALL: Bhí, bhí, chonaic mé pictiúr de sin.

PADAÍ GHRACIE: Deir siad even nuair a bhí an cogadh agus deireadh thart go raibh cnap millteanach, bhfuil a fhios agat, sin uilig, móin nár baineadh úsáid as.

DÓNALL: Tá a fhios agam, a chuaigh amú ag an am.

PADAÍ GHRACIE: Ansin, tháinig na lorries ansin, rinneadh ar shiúl leis an traen thart fá '47. Cheannaigh, an chéad lorraí a bhí thart, PADAÍSheáin ar an tArd Donn, bhí Austin 2 tonner ná 3 tonner beag aige ansin,

DÓNALL: Sea.

PADAÍ GHRACIE: Micí Jimmy Mhicí, sin bhí Jimmy, ceann thíos i dtigh s'agaibhse

DÓNALL: Bhí, bhí Charlie Diver

PADAÍ GHRACIE: Aye, V8, aye.

DÓNALL: Agus, bhí ceann i dtigh Hughie Cháitlín, nach raibh?

PADAÍ GHRACIE: Bhuel, bhí...

DÓNALL: Níos moille.

PADAÍ GHRACIE: Níos moille.

DÓNALL: Tá sin '_____' suimiúil . Bhuel a Phadaí, go raibh míle maith agat anois, caithfidh mé feiceáil caidé mar a chuaigh seo inniu.